Stádas sainithe ar leith a chinntiú don Tuaisceart san Aontas Eorpach

COMHIONANNAS
MEAS
IONRACAS

Aibreán 2017

THE CASE FOR
THE NORTH
TO ACHIEVE
DESIGNATED
SPECIAL
STATUS
WITHIN
THE EU
Sinn Féin
AN CÁS
LE GO mBEIDH
SAINSTÁDAS
FAOI LEITH
DON
TUAISCEART
SAN AE
THE CASE FOR
THE NORTH
TO ACHIEVE
DESIGNATED
SPECIAL
STATUS
WITHIN
THE EU
Sinn Féin

Ar an 23 Meitheamh 2016 vótáil muintir an Tuaiscirt fanacht san AE. Rinne siad seo toisc go bhfuil sé lena leas féin ó thaobh na polaitíochta agus an gheilleagair de. D'áitigh Sinn Fein gurb é an t-aon chur chuige réadúil atá ann ná go mbíonn stádas sainithe faoi leith ag an tuaisceart san AE agus go bhfanann oileán na hÉireann san AE. Tá tacaíocht ann go forleathan le haghaidh seasaimh den chineál sin.

I bhFeabhra vótáil an Dáil ar son stádas sainithe ar leith a chinntiú don Tuaisceart san Aontas Eorpach. I Mí Mhárta mhol An Comhchoiste um Poist, Fiontair agus Nuálaíocht gur chóir go mbeadh stádas faoi leith ag an Tuaisceart san Aontas Eorpach mar chuid den idirbheartaíocht ar an mBreatimeacht, agus tacaíodh leis an tuairim seo in éisteachtaí a d'eagraigh Coiste an Oireachtais um Forbairt Réigiúnach agus Tuaithe. Seasann bunús na bpáirtithe sa Tuaisceart leis seo agus cuid mhór de na heagraíochtaí a ghlac sa Phlé Phoiblí uile-oileáin.

Ba chóir do rialtas na hÉireann anois a staid féin san idirbheartaíocht atá ag teacht leis seo a chur i gcrích.

Is í seo uair na cinniúna. Tá rialtas na Breataine, nach bhfuil "aon spéis gheilleagrach ná straitéiseach" aige in Éirinn agus atá beag beann ar an toradh a bheidh ag an gcinneadh atá déanta acu ar mhuintir an oileáin, i ndiaidh Airteagal 50 a thionscnamh agus anois tá toghchán fógartha acu chun lámh s'acu san idirbheartaíocht a neartú.

Is léir go bhfuilimid ar an mbealach i dtreo Bhreatimeachta Chrua, agus beidh drochthionchar aige seo ar Chomhaontú Aoine an Chéasta agus phrionsabail an phróisis síochána agus beidh impleachtaí tromchúiseacha aige ar an ngeilleagar fud fad na tíre.

Tá dhá bhealach inar féidir linn Breatimeacht chrua a sheachaint ar an oileán seo.

- Sainstádas faoi leith don Tuaisceart san AE á sholáthar trí shocruithe reatha bunreachtúla.
- Éire Aontaithe - ag brath ar reifreann a eagrú ar Aontacht na hÉireann.

TOSAÍOCHTAÍ NA HÉIREANN SAN IDIRBHEARTAÍOCHT

Chun sainstádas faoi leith a bhaint amach don Tuaisceart san AE. Déanfaidh sé seo an méid seo a leanas:

- An Próiseas Síochána a chosaint agus cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta a chumasú agus na comhaontuithe a tháinig ina dhiaidh.
- Cinnte a dhéanamh de go gcoinnítear an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine mar chuid lánach de Chomhaontú Aoine an Chéasta. Ar an mbonn sin, beidh iarmhairtí tromchúiseacha ann dár ndispeansáidí nua rialachais, póilíneachta agus mórshiúlta má dhéantar iarracht ar bith an tAcht um Chearta an Duine nó an ECHR a shárú, agus d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do chaighdeán Chomhaontú Aoine an Chéasta agus de Chomhaontú Chill Rìmhinn.
- Cearta gach saoránach Éireannach a chosaint - De réir théarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta tá ceart bunúsach acu seo a rugadh ar an oileán seo ar shaoránacht Éireannach agus dá thairbhe sin, ar shaorántacht an Aontais Eorpaigh freisin - agus ní mór seasamh leis na cearta agus na freagrachtaí a bhaineann le saoránacht san Aontas Eorpach;
- Saoirse a choinneáil i dtaca le gluaiseacht earraí, daoine agus seirbhísí.
- Na sruthanna maoinithe ón Aontas Eorpach a choinneáil, chomh maith le rochtain ar an mBanc Eorpach Infheistíochta
- Rochatin a choinneáil ar an Aontas Custam, an Margadh Aonair agus ar dhlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, rochtain ar chearta agus ar sheirbhísí an Aontais Eorpaigh a chosaint - fostaíocht, oibrithe, slándáil shóisialach agus cúram sláinte.
- An Comhlimistéar Taistil a choinneáil
- An caidreamh trádála atá ag Tuaisceart Éireann leis an gcuid eile d'Éirinn agus leis an Aontas Eorpach a choinneáil - go háirithe maidir le gnó, le tamhlaíocht agus le hagraibhia.

CAD É MAR IS FÉIDIR STÁDAS FAOI LEITH SAINITHE A BHAINT AMACH?

Tá sé aitheanta ag an Aontas Eorpach le fada an lá na cúinsí faoi leith ann ar oileán na hÉireann chomh maith le tacaíocht don phróiseas síochána agus creidimid gur féidir an t-aitheantas seo a leathnú chun go mbeadh an sainstádas ag an Tuaisceart san AE.

Ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta sa bhliain 1998 agus ó cuireadh cumhacht-roinnt i bhfeidhm in 2007 na chomhpháirtí riachtanach é an tAontas Eorpach i gcúrsaí síochána gur chuir sé ar fáil cúnamh ollmhór airgeadais agus polaitíochta. Bunaíodh Tascfhórsa TÉ in 2007 - an chéad cheann den chineál seo inar oibrigh an Coimsiún Eorpach chomh dlúth sin in aon réigiún san AE.

Tá sé léirithe ag an Aontas Eorpach go bhfuil solúbthacht ann agus é ag plé le bealaí áirithe lánpháirtithe le haghaidh ballstáit agus tíortha nach ballstáit iad.*

MOLTAÍ

- Táimid ar lorg fógra polaitiúil ón gComhairle Eorpach ina dtreoirlínte idirbheartaíochta maidir le sainstádas faoi leith a bhaint amach don Tuaisceart san Aontas Eorpach. Ba chóir go rachadh fógra den chineál seo i ngleic leis an Margadh Aonair, leis an gComhlimistéar Taistil, le sruthanna maoinithe an Aontais Eorpaigh, le cearta shaoránaigh na hÉireann i dTuaisceart Éireann agus le cosaint cearta, agus go gcoinneofar rochtain ar institiúidí an Aontais Eorpaigh.

- Toisc gur comhaontú déthaobhach é Comhaontú Aoine an Chéasta, atá faoi cheangal de réir dlí idirnáisiúnta, idir an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann, nuair a thagann an Ríocht Aontaithe an tAontas, ní féidir comhaontú ar bith idir an Aontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a chur i bhfeidhm ar Thuaisceart Éireann gan comhaontú bheith ann idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe.

- Sa chomhthéacs seo, ba chóir go n-aithneodh an tAontas Eorpach na comhaontuithe reatha déthaobhacha agus na socruithe idir an Ríocht Aontaithe agus Éirinn atá ag teacht le dlí an Aontais Eorpaigh.

- Ionadaíocht pholaitiúil: Bíonn airí ó Thionól na Sé Chontae ag freastal corruair ar chruinnithe Chomhairle Airí an Aontais Eorpaigh, a bhfuil foráil déanta air de réir Chomhaontú Aoine an Chéasta. Ba chóir leanúint de seo agus é a dhéanamh foirmeálta, ag comhoibriú le rialtas na hÉireann, de réir Airteagail 9 agus 10 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. **

- Ba chóir go mbeadh ionadaíocht pholaitiúil an Tuaisceart Éireann ach leis an meicníocht chruinn agus an leibhéal d'ionadaíocht le comhaontú.***

- Ba chóir go n-iarrfaí suíocháin bhreise ar Choiste na Réigiún agus ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Tá duine aonair mar ionadaí ó gach ballstát eile sna hinstitúidí eile ar nós Banc Ceannais Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh - ba chóir go mbeadh sainchúram uile-Éireann ag ionadaithe na hÉireann sna socruithe nua.

- Ba chóir go lorgófaí forálacha faoi leith le go mbeidh cead ag an Tuaisceart stádas iomlán a choinneáil san Aontas Eorpach má éiríonn le reifreann ar Aontacht na hÉireann.

- Ba chóir go gcuirfí socruithe idirthréimhseacha i bhfeidhm go dtí gur féidir teacht ar chomhréiteach maidir le caidreamh na Breataine leis an Aontas Eorpach.

AGUISÍNÍ

* Socruithe faoi leith idir an Aontas Eorpach agus Tríú Tíortha

- Sa bhliain 1985, vótáil an Ghraonlainn, críoch neamhspleách de chuid na Danmhairge agus déabhlóid theoranta aici, ar an AE a fhágáil cé gur fhán an Danmhairg. Aistríodh stádas na Graonlainne anseo go stádas Tíortha agus Críocha Thar Lear. Mhair comhaontú tríthaobhach idir an Danmhairg, an Ghraonlainn agus an AE, a rinneadh a uasdátú in 2015. Baineann Tíortha agus Críocha thar leas as an rochtain chuig an margadh aonair agus teidlíochtaí eile a ndéantar idirbheartaíocht fúthu idir na ballstáit/OCT agus an Aontas Eorpach. Tagann socruithe mar seo tríd an mballstát.
- CSTE Tugann Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) - Tugann an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil rochtain do thrí stát de chuid CSTE ar an Margadh Eorpach Aonair.
- Tá Aontais Chustaim ag an Aontas Eorpach leis an Tuirc, le hAndóra agus le San Mairíne
- Aithníonn an tAontas Eorpach go bhfuil crios gafa na Cipire mar chuid de jure den Aontas Eorpach, de thairbhe go bhfuil Poblacht na Cipire aitheanta go hidirnáisiúnta

** Airteagail 9 agus 10 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Deirtear in Airteagal 9 den Chonradh ar an Aontas Eorpach:

"Ina chuid gníomhaíochtaí uile, urramóidh an tAontas prionsabal ***chomhionannas a shaoránach agus gheobhaidh na saoránaigh cóir chomhionann óna chuid institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí****. Is saoránach den Aontas é gach náisiúnach de Bhallstát. Beidh saoránacht an Aontais ann de bhreis ar an tsaoránacht náisiúnta agus ní ghabhfaidh sí a hionad."*

Deirtear in Airteagal 10:

"1 Beidh oibriú an Aontais fothaithe ar an daonlathas ionadaíoch.

"2 ***Ionadaítear do na saoránaigh go díreach ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa.*** *Ionadaítear do na Ballstáit sa Chomhairle Eorpach ag a gCeannairí Stáit nó Rialtais agus sa Chomhairle ag a rialtais, atá freagrach iad féin go daonlathach, sin os comhair na bParlaimintí náisiúnta nó os comhair a gcuid saoránach.*

"3 Beidh an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Glacfar cinntí chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar agus is féidir don saoránach."

Dá bhrí sin, tá an ceart ag muintir Thuaisceart Éireann guth a bheith acu ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ar bharr Rialtas na hÉireann na tuairimí seo a chur in iúl sa Chomhairle, leagann sé dualgas ar an gCoimisiún dul i ngleic le saoránaigh an Aontais Eorpaigh sa tuaisceart. Leagann sé oibleagáid síos lena dheimhniú go mbeidh ionadaíocht pholaitiúil ag daoine i dTuaisceart Éireann (ach leis an meicníocht chruinn agus an leibhéal d'ionadaíocht le comhaontú).

Maidir le hAirteagal 10.3, ní bheadh sé míréasúnta ar Theach Laighean cearta labhartha a bhronnadh ar ionadiathe 6C ar cheisteanna a bhaineann leis an Aontas Eorpach.

*** Ionadaíocht pholaitiúil

I gcinneadh de chuid an Aontais Eorpaigh ar glacadh leis sa bhliain 2004 socróidh gur seisear a bheadh i líon na n-ionadaithe tofa sa Chipir. Cé nach reáchtáltar toghcháin sa chuid ó thuaidh den oileán tá beagnach 80,000 Cipireach Thurcacha, a bhfuil cárta aitheantais de chuid Phoblacht na Tuirce faighte acu, i dteideal clárú mar vótóirí, agus tá sé de cheart acu bheith ar liosta faoi leith toghcháin le haghaidh thoghcháin Pharlaiminte na hEorpa.